**Rang 3 & Rang 4**
**Eolaíocht**

# Domhantharraingt



Sa rang inniu, d'inis Múinteoir John dúinn faoin domhantharraingt agus faoin tslí le hubh a chosaint agus í ag titim go talamh.

Fórsa cumhachtach í an domhantharraingt. Is mar gheall ar an domhantharraingt go bhfanann rudaí ar an talamh nuair a thiteann siad. Bheadh muid ar fad ar strae thuas san aer gan an domhantharraingt!

Ach is féidir tionchar na domhantharraingthe a mhaolú trí súil a chaith-ubh ar an gcleachtadh seo!

# Cleachtadh 1

**Ubh slán shábháilte!**
Le beagán innealtóireachta agus samhlaíochta, ligfimid ubh titim go talamh gan í a bhriseadh.

Déanfaimid paraisiút don ubh. Bíonn an domhantharraingt á maolú ag paraisiúit ionas gur féidir le rudaí titim go talamh go slán. Bíonn paraisiúit á n-úsáid ag spáslonga fiú.



Ach cad é an dearadh is fearr a chosnódh an ubh?

Smaoinigh faoi! Seo liosta rudaí is féidir leat a úsáid i gcomhair do pharaisiúit ach ní gá iad ar fad a úsáid. Is féidir do phlean féin a cheapadh!

**Ag teastáil:** Cúnamh ó dhuine fásta, ubh bheirithe, olann chadáis, mála plaisteach, cumhdach bolgóideach, marla, téip, sopanna plaisteacha, cúisín, sreangáin, bosca cairtchláir.

# Cleachtadh 1


Ubh slán shábháilte!

**Tá cúpla riail ann.**

**Riail 1:** Caithfear ubh bheirithe a úsáid. Iarr ar dhuine fásta ubh a bheiriú duit agus lig di fuarú. Is lú seans go ndéanfaidh ubh bheirithe praiseach den áit má bhriseann sí!

**Riail 2:** Caithfear ligean don ubh titim ón airde chéanna gach uair. Tugann sé seo seans dúinn na dearaí a chur i gcomparáid le chéile i gceart.

**Céim 1:** Is innealtóirí sinn inniu, mar sin cuimhnigh ar an gcomhairle a thug Múinteoir John dúinn. Fiafraigh cad is gá a dhéanamh, samhlaigh an réiteach, cruthaigh agus ullmhaigh, scrúdaigh agus feabhsaigh!





**Céim 2:** Déan paraisiút don ubh as téip, sreangáin agus mála plaisteach.


Ceangail ceithre shreangán don ubh le téip.

# Cleachtadh 1

**Ubh slán shábháilte!**



**Céim 2:** Ceangail na sreangáin don mhála plaisteach le téip.




**Céim 3:** Scrúdú – Lig don pharaisiút titim go talamh!

# Cleachtadh 1

**Ubh slán shábháilte!**

Tá Múinteoir John an-ard! Tá sé sé troithe ar airde ar a laghad!






**Céim 4:** Feabhsaigh!

Ar scoilt an ubh mar ubh John? Smaoinigh conas an dearadh a fheabhsú. D'fhéadfá cúisín a chur ar an talamh, cuir i gcás.


D'úsáid Múinteoir John olann chadáis agus gliú chun a ubh a chlúdú agus bhain sé triail as arís.

Breis ábhair ar fáil gach lá ar RTÉ Home School Hub, ar RTÉ 2, RTÉ Player agus rte.ie/learn.

# Cleachtadh 1

**Ubh slán shábháilte!**








**Céim 5:** Anois, tá sé in am duit triail a bhaint as dearaí agus ábhair eile. An gcoinneodh cumhdach bolgóideach an ubh slán? Céard faoi grán rósta?
Seo cur chuige an innealtóra – réiteach a cheapadh d'fhadhb ar leith agus scrúdú a dhéanamh ar an réiteach sin.
Cuimhnigh gur gá cúnamh a iarraidh ó dhuine fásta sula scaoileann tú le huibheacha ar fud na háite. Iarr ar dhuine fásta na huibheacha a bheiriú duit!

# Cleachtadh 2

**Spás le Dathú**

An raibh fhios agat go mbíonn an domhantharraingt éagsúil ar phlainéid eile agus ar an ngealach? Mar shampla, d'fhéadfá léimt sé huaire níos airde ar an ngealach toisc go bhfuil an domhantharraingt níos laige ansin!
Nó d'fhéadfá léimt os cionn 7 méadar in airde dá mbeifeá ar Phlútón!
Dathaigh an pictiúr thíos isteach agus tarraing tú féin agus tú ag léimt ar phlainéid eile!

